

Coirnéal Uí Anluain

Feabhsuithe Coisithe & Rothaíochta

BILEOG EOLAIS



CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?

- 1 Forléargas ar an Tionscadal
- 2 Buntáistí na Scéime
- 3 Príomhghnéithe
- 4 Cur Isteach Beag Tráchtá Le Linn Suiteála
- 5 Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

1 FORLÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Tá sé beartaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair bearta eatramhacha a thabhairt isteach chun na háiseanna siúlóide agus rothaíochta a fheabhsú ag acomhal Choirnéal Uí Anluain.

Is réamhoibreacha feabhsúcháin iad seo sula ndéanfar athruithe níos mó ar an acomhal seo a bhfuiltear ag súil leo sna blianta atá le teacht mar chuid de thionscadal Nasc Bus CBC Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach agus Buanscéime Siúlóide agus Rothaíochta an Chuarbhóthair Thuaidh.



2 BUNTÁISTÍ NA SCÉIME

- Má dhúntar an slioslána ar chlé ag an gcoirnéal thiar thuaidh den acomhal feabhsaítear gluaiseachtaí coisithe trasna Sheanbhóthar na Cabraí agus cuirtear deireadh la haon choimhlint idir rothaithe ag taisteal díreach ar aghaidh agus tiomáiníthe ag casadh ar chlé
- Áiseanna rothaíochta cosanta a sholáthar chun freastal ar gach aois agus cumas

3 PRÍOMHGHNÉITHE

Feabhsóidh an scéim eatramhach áiseanna coisithe agus cuirfidh sí timpeallacht níos sábháilte ar fáil le haghaidh rothaíochta. Áirítear ar na feabhsuithe;

- An slioslána a chasann ar chlé a bhaint ón gCuarbhóthar Thuaidh (NCR) go Seanbhóthar na Cabraí. Coinneofar gluaiseachtaí ag casadh ar chlé ón gCuarbhóthar Thuaidh go Seanbhóthar na Cabraí.
- Lánaí rothaíochta cosanta a shuiteáil ar an dá thaobh den bhóthar feadh ghéag thiar an Chuarbhóthair Thuaidh agus feadh chodanna den ghéag thoir den Chuarbhóthar Thuaidh
- Leathnú agus cosaint an lána rothar ar Shráid na Prúise ag druidim le Coirnéal Uí Anluain agus cuid ghairid de lána rothar cosanta a thabhairt isteach ar Shráid na Prúise ag druidim le hionad siopadóireachta na Páirce
- Athdhromchlú ar an acomhal iomlán
- Tá líníocht mhionsonraithe de na hoibreacha feabhsúcháin atá beartaithe ar fáil ar Mhol Comhairliúcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, <https://consultation.dublincity.ie>

4 CUR ISTEACH BEAG LE LINN SUITEÁLA


Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha suiteála ar an scéim seo go luath i 2023. D'fhonn an scéim seo a sheachadadh, beidh cur isteach beag sealadach ar an trácht go dtí an ceantar. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir gach iarracht é seo a íoslghdú oiread agus is féidir.


5 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LIN


Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi Choirnéal Uí Anluain agus ar thionscadal iomlán Feabhsúcháin Coisithe agus Rothaíochta an Chuarbhóthair Thuaidh, téigh chuig www.dublincity.ie/activetravel

Is féidir aon ráitis/tuairimí a d'fhéadfadh a bheith agat a chur isteach tríd an láithreán gréasáin, ríomhphost nó an seoladh poist a shonraítear thíos:



 <https://consultation.dublincity.ie/> (Déan an cód QR a scanáil le do thoil)

 activetraveloffice@dublincity.ie le hábhar: Feabhsuithe Coisithe agus Rothaíochta Choirnéal Uí Anluain

 Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig an Chláir um Thaisteal Gníomhach, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F